Géarchéim na hÚcráine

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ngéarchéim san Úcráin. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cá bhfuil an Úcráin agus an Chrimé?
2. Cad atá ar eolas agaibh faoin scéal seo sula bhféachann sibh ar an tuairisc?

Ceist 2 An féidir leat na focail Bhéarla a cheangal leis na focail Ghaeilge anois? Ná féach ar an tuairisc fós.

1. surrender	a) cruachás
2. Foreign Affairs Ministers	b) coimhlint
3. dilemma	c) brú taidhleoireachta
4. Eastern Europe	d) eitneach
5. occupy	e) ar dualgas
6. on duty	f) Airí Gnóthaí Eachtracha
7. conflict	g) glac seilbh ar
8. is it so…?	h) géilleadh
9. ethnic	i) próiseas eadrána
10. threatening	j) an amhlaidh…?
11. sanctions	k) smachtbhannaí
12. arbitration process	l) Oirthear na hEorpa
13. diplomatic pressure	m) ag bagairt

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Ceist 2 Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh brí na bhfocal a thuiscint. An raibh aon téarma eile sa tuairisc nach raibh tú cinnte faoi?

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus scríobh achoimre ghearr faoina bhfuil le feiceáil inti.

Ceist 4 '…do shaighdiúirí…', '…faoi mhaidin…' agus '…ó thíortha…'

Mar a fheictear thuas, leanann séimhiú cuid de na réamhfhocail shimplí ach ní leanann séimhiú iad ar fad. Féach ar na samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sna bearnaí.

1. Tabhair an t-airgead do (Máire) _____.
2. An bhfuil Seán as (baile) _____?
3. Ceapaim go bhfuil Síle le (Pádraig) _____.
4. Beidh sé déanta agam roimh (deireadh) _____ an lae.
5. Ar chuir tú an litir chuig (Pól) _____?
6. Tá sé ag dul go (Baile Átha Cliath) _____ amárach.
7. Tá Muineachán idir (Baile Átha Cliath) _____ agus (Gaoth Dobhair) _____.

Ceist 5 Féach ar an léarscáil thíos agus freagair na ceisteanna:



1. Cá bhfuil an Úcráin, an Chrimé agus an Rúis ar an léarscáil?
2. Cad iad na tíortha atá marcáilte ar an léarscáil?

a. _____
b. _____
c. _____
d. _____
e. _____
f. _____
g. _____
h. _____
i. _____
j. _____

3. An féidir leat na cinn seo anois a mharcáil ar an léarscáil?

- an Iodáil
- an Rómáin
- an Eastóin
- an Albáin
- an Laitvia
- an Liotuáin

4. An bhfuil na tíortha eile ar eolas agat? Cad iad?
5. An bhfuil na tíortha baininscneacha nó firinscneach de ghnáth?

Ceist 6 Pléigh an cheist leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth ar mhaith leis an Uachtarán Putin seilbh a ghlacadh ar an gCrimé, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Iarr ar na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé sula seinntear an mhír.

Ceist 2 (A)
Tabhair deis do na foghlaimeoirí an stór focal a aimsiú sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
h	f	a	l	g	e	b	j	d	m	k	i	c

Ceist 2 (B)
Cuir an tuairisc ar siúl uair amháin agus pléigh an stór focal atá inti.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1. Tabhair an t-airgead do **Mháire**.
2. An bhfuil Seán as **baile**?
3. Ceapaim go bhfuil Síle le **Pádraig**.
4. Beidh sé déanta agam roimh **dheireadh** an lae.
5. Ar chuir tú an litir chuig **Pól**?
6. Tá sé ag dul go **Baile Átha Cliath** amárach.
7. Tá Muineachán idir **Baile Átha Cliath** agus **Gaoth Dobhair**.

Ceist 5
Féach ar an léarscáil.

Ceist 6
Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Emer Ní Chonaola
Go dtí an ghéarchéim san Úcráin anois agus tuairiscítear go bhfuil fógra deiridh tugtha ag an Rúis do shaighdiúirí na hÚcráine atá i réigiúin na Crimé[1] géilleadh faoi mhaidin amárach nó fáil faoi réir d'ionsaí míleata. Tháinig Airí Gnóthaí Eachtracha ó thíortha an Aontais Eorpaigh le chéile níos luaithe sa mBruiséil leis an gcruachás a phlé.

Grett O' Connor
Laethanta stairiúla is ea iad seo in Oirthear na hEorpa. Ar an deireadh seachtaine do ghlac fórsaí na Rúise seilbh ar an gCrimé, ceantar a bhronn an Rúis ar an Úcráin le linn ré Khrushchev. Inniu tá trúpaí na Rúise ar dualgas lasmuigh d'ionaid mhíleata sa Chrimé, ach go fóill níor tharla aon choimhlint eatarthu. Tuigtear go bhfuil céad is a caoga míle saighdiúir eile ullamh ag Putin gar don teorainn leis an Úcráin. An amhlaidh go bhfuil sé i gceist ag an Rúis bogadh isteach in Oirthear na hÚcráine?

Séamus Martin
Is Úcránaigh na daoine atá san áit sin. Labhraíonn siad Rúisis, ach go heitneach, is Úcránaigh iad. Agus freisin tá eacnamaíocht na hÚcráine go huafásach agus do bhí… do bheadh trioblóid mhaith ag an Rúis go heacnamaíoch[2] san áit sin freisin.

Grett O' Connor
Inniu tháinig Airí Gnóthaí Eachtracha ó thíortha an Aontais Eorpaigh le chéile chun an ghéarchéim a phlé. Cé go bhfuil na Stáit Aontaithe ag bagairt go gcuirfear smachtbhannaí eacnamaíocha i bhfeidhm, tá an Eoraip ag moladh próiseas eadrána a chur ar bun idir Moscó agus Cív. Dúirt Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na Breataine, William Hague, nach roghanna míleata a bhí á bplé aige le Príomh-Aire na hÚcráine inniu ach conas ab fhearr brú eacnamaíoch agus taidhleoireachta a chur ar an Rúis. Grett O' Connor, Nuacht TG4.

[1] *an Chrimé* a deirtear
[2] *go heacnamaíochta* a deirtear